




LEABHAR
GRAMADAÍ
SCOILE

Ná bí buartha!

NBB!!



Scríofa ag Seán Ó hEacháin
Deartha ag Fiontán Ó Mealláin



Ainm _____

Rang _____

Leabhar Gramadaí Scoile

© Coláiste Feirste

Téacs: Seán Ó hEacháin 2021

Dearadh agus leagan amach: Fionntán Ó Mealláin

Leagan Ultach


Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ná a tharchur ar aon mhodh nó slí, leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, taifeadadh nó córas stórála agus athfhála eolais san áireamh, gan cead scríofa a fháil roimh ré ón fhoilsitheoir.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Roinn na Gaeilge agus leis an fhoireann ar fad i gColáiste Feirste a thacaigh agus a chur moltaí ar fáil agus mé i mbun pinn. Is laochra sibh agus spreagann sibh mé i gcónaí. Tá mé fíorbhuíoch fosta as mo chara Breandán Ó Fiaich a rinne athruithe agus a thug moltaí luachmhara dom. Gabhaim buíochas fosta le Fionntán Ó Mealláin a rinne moltaí teanga chomh maith leis an dearadh. Chomh maith leis sin, tá mé buíoch as an Líonra Lánseirbíse Pobail a chur acmhainní ar fáil dom chun an tionscadail seo a chur i gcrích.





AN CLÁR



Caol agus Leathan	2
An tAinmfhocal	3
Baininsceanach agus Firinscneach	4
An uimhir iolra	6
An fleiscín	6
Foclóirí ar líne	7
Aidiachtaí	
An Aidiacht San Uimhir Uatha	8
An Aidiacht San Uimhir Iolra	9
Na Réamhfhocail	10
Réamhfhocail Shimplí agus an tAlt	
Uatha	12
Iolra	13
Ainmfhocail agus Aidiachtaí	14
Na Réamhfhocail Chomhshuite	15
Forainmneacha Réamhfhoclacha	16
Aidiachtaí Sealbhacha	17
Céimeanna Comparáide na hAidiachta	18
Na Briathra	20
An Chéad Réimniú	22
An Dara Réimniú	23
Na Briathra Neamhrialta	23
An Modh Ordaitheach	24
An Aimsir Chaite	26
An Aimsir Láithreach	28
An Aimsir Fháistineach	30
An Modh Coinníollach	32
An tAinm Briathartha	34
An Aidiacht Bhriathartha	35
Achoimre	36
An Saorbhriathar	38
An Chopail	39
An Tuiseal Ghinideach	40
Na díochlaontaí	42
An Aidiacht Sa Tuiseal Ghinideach	
Uatha	46
Iolra	47
Uimhreacha	48
Ag Gluaiseacht	50
Téarmaíocht na Gramadaí	53

IS FIÚ ÓRÍ AN FHOGHLAIM

Caol agus Leathan

na gutaí
a o u ie



Sa Ghaeilge, tá gutaí leathana agus gutaí caola againn.



gutaí
Leathana
a, o, u



gutaí
Caola
i, e

NA CONSAIN
bcdfghlmnrst (jkqvwxyz)

Deir muid go bhfuil an consan caol nó leathan, ag brath ar an ghuta atá in aice leis.

Tugann na gutaí fuaim ar leith do na consain.

sa
tá
dá

sé
té
dé

Chun cuidiú linn, deir muid:
Caol le caol agus leathan le leathan.

sílim
ritheann



le
dona
glacfaidh

Cuimhnigh ar na rialacha seo nuair atá tú ag litriú.



An tAinmfhocal

Ainmfhocal
DUINE, áit nó rud


Tá gach aon ainmfhocal sa Ghaeilge **Firinscneach** nó **Baininscneach**

an t-alt +	Firinscneach	Baininscneach
Consain (b, c, f, g, m, p)	Fear – An fear Bád – An bád	Bean – An bhean Fuinneog – An fhuinneog
Gutaí (a, o, u, i, e)	Uisce – An t-uisce Airgead – An t-airgead	Aiste – An aiste Otharlann – An otharlann
s	Sagart – An sagart Siopa – An siopa	Sráid – An tsráid Seachtain – An tseachtain (Seachas – Sc, Sm, Sp, St) Scallions Smell Spicy in Stew
d nó t	Doras – An doras Teach – An teach	Deirfiúr – An deirfiúr Tine – An tine



an t-alt = an / na

inscne = firinscneach
baininscneach



Focail Bhaininscneacha

1. **Focail a bhfuil consan caol ina ndeireadh de ghnáth:**
Páirc, scoil, obair.

2. **Focail a bhfuil -óg, -eog ina ndeireadh:**
Fuinneog, spideog, putóg.

3. **Focail a bhfuil -lann ina ndeireadh:**
Clann, leabharlann.

4. **Focail ilsíollacha, nach comhfhocail iad, a bhfuil -(a)íocht ina ndeireadh:**
Iomaíocht, teicneolaíocht.

5. **Focail ilsíollacha a bhfuil -acht ina ndeireadh:**
Múinteoireacht, banaltracht.

6. **Focail a bhfuil guta ina ndeireadh agus iad teibí:**
Eagla, imní, eagna. Eisceacht: grá

7. **Teangacha seachas Béarla:** An Fhraincis, an Iodáilis, an Ghaeilge

8. **Tíortha:**
Éire, An Spáinn, an Bheilg.

9. Grian, gealach, spéir, farraige, trá, taoide.

10. **Cuid mhór de na baill den chorp:**
Cluas, súil, lámh, cos.

11. An Mháirt, an Chéadaoin, an Aoine.

12. **Cuid mhór de na focail a bhaineann leis an am:**
Maidin, oíche, seachtain, coicís, mí, bliain.

13. **Go leor de na focail a bhaineann leis an aimsir:**
Aimsir, gaoth, fearthainn, báisteach.

14. **Go leor de na hábhair scoile:**
Eolaíocht, matamaitic, stair, teicneolaíocht.

Focail Fhirinscneacha

1. **Focail a bhfuil consan leathan ina ndeireadh de ghnáth:** 
Bád, cat, pictiúr.

2. **Focail a bhfuil -án ina ndeireadh:**
Cosán, amadán, sparán. 

3. **Focail a bhfuil -óir, -úir, -éir, -eoir ina ndeireadh:**
Dochtúir, múinteoir, cuntasóir.


4. **Focail aonsiollacha agus -acht ina ndeireadh:**
Ceacht, léacht, reacht. 

5. **Focail a bhfuil -ín ina ndeireadh:**
Coinín, cáilín, toitín. 

6. **Focail a bhfuil guta ina ndeireadh agus gan iad a bheith teibí:**
Tábla, cú, cnó, pláta, cárta. 

7. **An deireadh seachtaine fada:**
An Satharn, an Domhnach, an Luan.

8. **Na séasúir:**
An tEarrach, an Samhradh, an Fómhar, an Geimhreadh. 



Maith thú!

An Uimhir Iolra

Bíonn an uimhir iolra i gceist againn nuair atá níos mó ná rud amháin ann.


Athraíonn **an** go **na**. Féach seo thíos...

Uimhir Uatha	Uimhir Iolra
An Fear An bhean	Na fir Na mná
An capall An t-asal An sagart	Na capaill Na hasail Na sagairt
An bhróg An ordóg An tsráid An fhuaim	Na bróga Na hordóga Na sráideanna Na fuaimneanna
An altóir An feirmeoir An siopadóir	Na haltóirí Na feirmeoirí Na siopadóirí
An t-oráiste An siopa	Na horáistí Na siopaí
An chathair An t-athair	Na cathracha Na haithreacha

An Fleiscín -


Cuirtear **fleiscín** roimh **ainmfhocal FIRINSCNEACH** a thosaíonn ar ghuta.

an t-asal



Cuimhnigh, áfach, **nach mbíonn fleiscín** ann nuair atá **GEANNLITIR ANN**.

an tEaspag



gan fleiscín

na húlla
an tsráid

Is féidir iolra an ainmfhocail a aimsiú ar an


*** idirlíon**



www.potafocal.ie




www.tearma.ie



www.foclóir.ie



www.teanglann.ie



fiosraigh

cuartach

An Aidiacht san Uimhir Uatha

Sa Ghaeilge,

leanann an **aidiacht** an t-ainmfhocal...

capall ramhar

ramhar capall



Aidiacht

Focal a úsáidtear le hainmfhocal chun cur síos a dhéanamh air **nó** ciall bhreise a chur leis.

Teach **mór**

Bíonn séimhiú ar an **aidiacht** nuair a leanann sí **ainmfhocal baininscneach**

Firinscneach

fear mór

uisce deas

siopa ciúin

doras dearg

Baininscneach

bean mhór

aimsir dheas

sráid chiúin

tine dhearg


Uatha
rud amháin



leis an alt...



An tábla donn



An capall mór




An doras dearg



An scoil mhór



An bhróg ghorm



An fharraige ghorm

Firinscneach

Baininscneach

An Aidiacht san Uimhir Iolra

Má bhíonn an t-ainmfhocal san uimhir iolra, caithfidh an aidiacht a bheith san iolra chomh maith.

Iolra
níos mó ná rud amháin

	Uimhir Uatha	Uimhir Iolra
cuirtear -a le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan leathan san uimhir uatha.	Teach mór	Tithe móra
cuirtear -e le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan caol san uimhir uatha.	Guth binn	Guthanna binne
Athraíonn... -úil go -úla -air go -ra	Duine suimiúil Lá deacair	Daoine suimiúla Laethanta deacra
Ní athraíonn... Aidiachtaí a chríochnaíonn ar ghuta san uimhir uatha.	Cóta buí	Cótaí buí
Eisceachtaí Breá agus te Athraíonn te go teo agus athraíonn breá go breátha san iolra.	Oíche te Duine breá	Oícheanta teo Daoine breátha
Séimhítear aidiacht san iolra fosta nuair a leanann sí ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan caol .	Fear maith leabhar glas teaghlach beag	Fir mhaithe leabhair ghlasa teaghlai gh bheaga

Na Réamhfhocail

Réamhfhocail shimplí



1. Is focail ghairide iad, de ghnáth.
2. Tugtar 'réamhfhocail' orthu mar bíonn siad roimh fhocail eile.
3. Go minic, tugann siad eolas dúinn faoin áit a bhfuil rud éigin nó faoin uair a tharlaíonn sé.

Réamhfhocail shimplí

ag	ar	as	chuig	faoi
de	do	le	ó	roimh
i	thar	tríd		

de, do, faoi, mar, ó, roimh, trí

Séimhítear ainmfhocail a leanann iad.

Tharraing mé pictiúr **de** Sheán.

Tabharfaidh mé an obair **do** Mhamaí.

D'inis mé scéal di **faoi** thaibhsí.

Tá sí ag obair ansin **mar** fhreastalaí.

Tchífidh mé thú **roimh** dheireadh an ranga.

Ag, amhail, as, chuig, chun, dar, go, go dtí, le, murach, os, seachas

Ní séimhítear ainmfhocail a leanann iad.

Bhí an cóta **ag** Caoimhe.

Chuir mé an t-ábhar **chuig** Séamas.

Chuaigh mé **go** Béal Feirste inné.

Bhí Peadar le Pól **sa** linn snámha.

Bhí siad uilig ansin **seachas** Garaí.

Ar, gan, idir, thar, um

Séimhítear ainmfhocail a leanann iad cuid den am

Bhí tinneas cinn **ar** bhridín.

Tá an fear sin **gan** mhaith.

Ní raibh an bia **thar** mholadh beirte.

Na Réamhfhocail

i

Uraítear ainmfhocail a leanann é

i mBéal Feirste

i gCorcaigh

i nDoire

i dTír Eoghain

i nGaillimh

i bPort Láirge

i bhFear Manach

i mbialann

i gcarr

i ndaoirse

i dteach

i ngairdín

i bpáirc

i bhfabhar

Tá rialacha difriúla bainteach leis na réamhfhocail nuair a thagann siad roimh ainmfhocail a thosaíonn le guta.

go, le

Cuirtear h roimh ainmfhocail a thosaíonn le guta a leanann iad.

Chuaigh sí **go h**Aontroim.

Bhuail mé **le h**Anna inné.

Ag, Ar, As, Chuig, Faoi, Ó, In, Roimh, Seachas, Mar

Ní bhíonn athrú ar an ainmfhocal a thosaíonn le guta ina ndiaidh. .

Scairt mé **ar** úinéir an tsiopa.

Tá punt **ag** Aodhán.

Rachaidh mé **chuig** oifig an phoist.

Tá sí ina cónaí **in** Éirinn le bliain anois.

de, do

Úsáidtear d' roimh ghutaí nó roimh f + guta.

Thug sí grianghraf **d'**Anna dom.

Tabhair cupa tae **d'**hear an phoist.

Tabharfaidh mé an t-airgead **d'**Éamonn.

Réamhfhocail Shimplí agus an tAlt - uatha

Seo iad na réamhfhocail nuair a bhíonn siad leis an alt uatha.

ag an	ar an	as an	chuig an	faoi + an = faoin
de + an = den	do + an = don	leis an	ó + an = ón	roimh an
i = sa(n)	thar an	tríd an		

Féach ar na rialacha a bhaineann leo.

	Na Consain b,c,f,g,m,p Séimhítear iad	Na Consain d,l,n,r,t Ní séimhítear iad	Na gutaí a,o,u,i,e Ní athraíonn siad
ag an	ag an bhús	ag an dochtúir	ag an óstán
ar an	ar an chathaoir	ar an long	ar an ollscoil
as an	as an charr	as an tábla	as an eolaí
chuig an	chuig an gharda	chuig an trá	chuig an urlár
faoin	faoin fhuinneog	faoin toghchán	faoin eochair
leis an	leis an ghaoth	leis an liathróid	leis an úinéir
ón	ón fhreastalaí	ón naíscoil	ón aiste
roimh an	roimh an chat	roimh an dalta	roimh an asal
thar an	thar an bhalla	thar an teach	thar an uisce
tríd an	tríd an pháirc	tríd an leabhar	tríd an ollscoil
don	don bhainisteoir	don rúnaí	don aiste
den	den mhí	den téarma	den úll
sa(n)	sa bhaile	sa rang	san otharlann san fháinne

Is 'san' a úsáidtear roimh **ghutaí** agus roimh **f + guta**


*Cuirtear **t** roimh ainmfhocail a thosaíonn ar s + guta nó ar sl, sn, sr - **Ag an tsiopa**; **sa tsráid**; **leis an tsagart**; **roimh an tsamhradh**

Réamhfhocail Shimplí agus an tAlt - Iolra

Seo iad na réamhfhocail nuair a bhíonn siad leis an alt iolra

ag na	ar na	as na	chuig na	faoi na
de na	do na	leis na	ó na	roimh na
i = sna	thar na	trí na		

	Na Consain b,c,f,g,m,p Ní shéimhítear iad	Na Consain d,l,n,r,t Ní shéimhítear iad	Na gutaí a,o,u,i,e Cuirtear h rompu
ag na	ag na busanna	ag na dochtúirí	ag na hóstáin
ar na	ar na cathaoireacha	ar na longa	ar na hollscoileanna
as na	as na carranna	as na táblaí	as na heolaithe
chuig na	chuig na gardaí	chuig na trána	chuig na hurláir
faoi na	faoi na fuinneoga	faoi na toghcháin	faoi na heochracha
leis na	leis na gaotha	leis na liathróidí	leis na húinéirí
ó na	ó na freastalaithe	ó na náischoileanna	ó na haistí
roimh na	roimh na cait	roimh na daltaí	roimh na hasail
thar na	thar na ballaí	thar na tithe	thar na huiscí
trí na	trí na páirceanna	trí na leabhair	trí na hollscoileanna
do na	do na bainisteoirí	do na rúnaithe	do na haistí
de na	de na míonna	de na téarmaí	de na húlra
sna	sna bailte	sna ranganna	sna hotharlanna sna fáinní




Réamhfhocail Shimplí agus an tAlt - Ainmfhocail agus Aidiachtaí

****Cuimhnigh nach ndéanann sé difear cé acu atá an t-ainmfhocal Firinsneach nó Baininsneach.****

Nuair a thagann **aidiacht** i ndiaidh ainmfhocail sa struchtúr seo [réamhfhocal simplí agus an t-alt agus ainmfhocal agus aidiacht], de ghnáth, bíonn séimhiú ar an **aidiacht**.

Aidiachtaí a thosaíonn leis na Consain b, c, d, f, g, m, p, s, t – Séimhiú	Aidiachtaí a thosaíonn le... a, o, u, i, e / n, l, r, h / sc, sm, sp, st Gan athrú
ar an bh us mhór	ar an bh us oráiste
as an airgead thirim	as an airgead lonrach
leis an mhúinteoir dhian	leis an mhúinteoir smaointeach
sa ph ictiúr bheag	sa ph ictiúr álainn
don ch ailín ghalánta	don ch ailín argóinteach
den troid fhuilteach	den troid uafásach
faoin doras dhonn	faoin doras ildáite
ón ts ráid chiúin	ón ts ráid leadránach
thar an urlár shalach	thar an urlár nádúrtha
sa ph ost pháirtaimseartha	sa ph ost Spáinneach

Rith an cat bán **thar an urlár ghlan**
agus ní raibh duine ar bith sásta
leis an ghasúr bheag a lig isteach é.



Na Réamhfhocail Chomhshuite

Nuair a chuirtear réamhfhocal agus ainmfhocal le chéile, tugtar réamhfhocal comhshuite air.

Tagann an gínideach i ndiaidh réamhfhocal comhshuite. Tuilleadh eolais ar leathanach 40.

ar bharr	i rith	de bharr	ar chúl
i gcoinne	in aice	i lár	ar feadh
os comhair	ar fud	le linn	tar éis
i ndiaidh	ar son	i measc	de dheasca



Na Forainmneacha Réamhfhoclacha

Nuair a chuirtear réamhfhocal simplí agus forainm le chéile, tugtar **forainm réamhfhoclach** air.

ag + mé = **agam**

le + tú = **leat**

faoi + í = **fúithi**

do + iad = **dóibh**

*Ní bhíonn síneadh fada ar an ghuta dheireanach ach ab é - **dó**.

Forainm

Réamhfhocal

+	mé	tú	sé	sí	muid/sinn	sibh	siad
ag	agam	ag at	aige	aici	ag ainn	aga ibh	acu
ar	orm	or t	air	uir thi	ora inn	ora ibh	orthu
as	asam	as at	as	aisti	asa inn	asa ibh	astu
chuig	chugam	chug at	chuige	chuici	chuga inn	chuga ibh	chucu
de	díom	dí ot	de	di	dí inn	dí ibh	díobh
do	dom	du it	dó	di	dú inn	dao ibh	dóibh
faoi	fúm	fú t	faoi	fú ithi	fú inn	fú ibh	fúthu
i	ionam	ion at	ann	inti	iona inn	iona ibh	iontu
idir	-	-	-	-	eadra inn	eadra ibh	eatarthu
le	liom	lea t	leis	léi	lin n	lib h	leo
ó	uaim	ua it	uaidh	ua ithi	ua inn	ua ibh	uathu
roimh	romham	romha t	roimhe	roimpi	romha inn	romha ibh	rompu
thar	tharam	thara t	thairis	thairsti	thara inn	thara ibh	tharstu
trí	tríom	trí ot	tríd	trí ithi	trí inn	trí ibh	tríothu

Aidiachtaí Sealbhacha

	Roimh chonsain		Roimh ghutaí (a,o,u,i,e)	
mé	mo + séimhiú	mo charr	m'	m'uncaíl
tú	do + séimhiú	do charr	d'	d'uncaíl
sé	a + séimhiú	a charr	a	a uncaíl
sí	a	a carr	a + h roimhe	a huncaíl
muid	ár + urú	ár gcarr	ár + urú	ár n-uncaíl
sibh	bhur + urú	bhur gcarr	bhur + urú	bhur n-uncaíl
siad	a + urú	a gcarr	a + urú	a n-uncaíl



a charr



a carr



a gcarr

Céimeanna Comparáide na hAidiachta


Tá Nóra **níos airde** ná Pól. Is mise an duine **is óige** sa rang. Tá tusa **níos ciúine** ná í.

	Bunchéim	Breischéim	Sarchéim
Ní athraíonn focail a chríochnaíonn ar ghuta	buí	níos buí	is buí
Caolaítear aidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan leathan agus cuirtear –e leo	daor bán	níos daoire níos báine	is daoire is báine
Cuirtear –e le haidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan caol	ciúin ionraic	níos ciúine níos ionraice	is ciúine is ionraice
Athraíonn: –úil go –úla	suimiúil	níos suimiúla	is suimiúla
Athraíonn: –air go –ra	deacair	níos deacra	is deacra
Athraíonn: –each go –í	aisteach	níos aistí	is aistí
Athraíonn: –ach go –aí	tábhachtach	níos tábhachtaí	is tábhachtaí
Athraíonn: –íoch go –íche	Imníoch	níos imníche	is imníche
Athraíonn: –aíoch go –aíche	iomaíoch	níos iomaíche	is iomaíche

Tá an Tíreolaíocht **níos suimiúla** ná Stair.

Is é Ceol an t-ábhar **is deacra**.

Is tábhachtaí uisce ná milseáin.



Céimeanna Comparáide na hAidiachta

Neamhrialta


Tá an lá **níos fliche** inniu. Seo é an geansaí **is teo**. Tá an rothar **is fearr** agamsa.

Bunchéim	Breischéim	Sarchéim
álainn	níos áille	is áille
breá	níos breátha	is breátha
fliuch	níos fliche	is fliche
maith	níos fearr	is fearr
olc	níos measa	is measa
te	níos teo	is teo
beag	níos lú	is lú
fada	níos faide	is faide
furasta	níos fusa	is fusa
mór	níos mó	is mó
saibhir	níos saibhre	is saibhre
ramhar	níos raimhre	is raimhre

Tá an Spáinn **níos teo** ná Éire, ach tá Éire **níos áille**.

Is fearr an tsláinte ná na táinte.

Tá luchóg **níos lú** ná cat.



Na Briathra

Briathar – Cuireann an briathar in iúl cad é atá ag tarlú. Mar shampla:

Thóg Liam leabhar.
Ná **scríobh** ar an tábla.




Réimniú Briathra – An Chéad Réimniú = Grúpa 1
Tógfaidh mé
An Dara Réimniú = Grúpa 2
Socróidh



Seo iad na haimsirí:

An Modh Ordaitheach - ag tabhairt ord
An Aimsir ghnáthchaite - rud ba ghnách tarlú go rialta
An Aimsir Chaite - Rud a tharla
An Aimsir Láithreach - Tarlaíonn sé go rialta
An Aimsir Fháistineach - Níor tharla sé go fóill
An Modh Coinníollach - b'fhéidir go dtarlódh sé



Is féidir na briathra sa Ghaeilge a rangú i dtrí ghrúpa.

An Chéad Réimniú.

An Dara Réimniú

Na Briathra Neamhrialta.

3

I ngach grúpa luaithe thuas, scarann muid focail mar gheall ar 'Caol / Leathan'.

Siolla: fuaim a dhéanann focal nó cuid d'fhocal:

rith - siolla amháin

ceannaigh - dhá shiolla



Ag úsáid na mbriathra sna haimsirí...

Cén réimniú ina bhfuil an briathar?

An Chéad Réimniú

Caol nó Leathan

Athraigh deirí
áil go áil

Roghnaigh
an deireadh ceart

Athrú tosaigh
le déanamh

urú nó séimhiú

An Dara Réimniú

Caol nó Leathan

Athraigh deirí
ail go l, air go r
il, ir, is go l, r, s

Bain amach
aigh nó igh

Roghnaigh
an deireadh ceart

Athrú tosaigh
le déanamh

urú nó séimhiú

An bhfuil an freagra ceart agat?



An Chéad Réimniú

Is briathra le **siolla amháin** don chuid is mó iad. Amharc ar na samplaí thíos...

Leathan (a,o,u)

Dól	Fan	Ól	Glac
Gléas	Tóg	Stad	Bronn
Iarr	Gearr	Snámh	Scríobh
Pós	Pioc	Amharc	Scuab

Caol (i,e)

Síl	Rith	Buail	Roinn
Scaip	Scaoil	Bris	Caill
Caith	Tit	Blais	Léim
Léim	Tuig	Éist	Lig

Briathra aonsiollacha a chríochnaíonn ar -igh

Ligh	Brúigh	Luigh	Pléigh
Nigh	Léigh	Dóigh	Spréigh
Sáigh	Suigh	Luáigh	

Briathra ilsíollacha a bhfuil síneadh fada sa tsiolla dheireanach

Marcáil	Sábháil	Scóráil	Vótáil
Ciceáil	Seiceáil	Páircéail	Ticeáil
Taispeáin	Tiomáin	Úsáid	

An Dara Réimniú



Is briathra ilsíollacha iad a chríochnaíonn ar (a)igh don chuid is mó. Amharc ar na samplaí thíos..

Leathan (a,o,u)

Socr a igh	Bol a igh	Athr a igh	Rothl a igh
Cuand a igh	Clúd a igh	Admh a igh	Tiont a igh
Ceann a igh	Ceal a igh	Aná a igh	Samhl a igh
Diúl t aigh	Méad a igh	Fiosr a igh	Ceart a igh

Caol (i,e)

Bail i gh	Cóir i gh	Ísl i gh	Cruinn i gh
Coinn i gh	Oibr i gh	Suaimhn i gh	Deis i gh
Aims i gh	Mín i gh	Cuid i gh	Réit i gh
Im i gh	Éir i gh	Aistr i gh	Smaoin i gh

Tá cuid ann fosta a chríochnaíonn ar il, ir, is

Osc a il	Ceang a il	Labh a ir	Iomp a ir
Cuim i l	Eit i l	Im i r	In i s

Na Briathra Neamhrialta

Athraíonn na briathra seo ar bhealaí nach n-athraíonn na briathra eile.

Abair	Beir	Bí	Cluin
Deán	Faigh	Feic	Ith
Tabhair	Tar	Téigh	11 ar fad!



An Modh Ordaitheach


Baintear úsáid as an **mhodh ordaitheach** le hordú a thabhairt.

	Briathar	Modh Ordaitheach Uatha	Modh Ordaitheach Iolra
An Chéad Réimniú	Bris	Bris	Bris igí
	Tóg	Tóg	Tóg aigí
	Marcáil	Marcáil	Marcála igí
	Taispeáin	Taispeáin	Taispeána igí
	Dóigh	Dóigh	Dóig í
	Léigh	Léigh	Léig í
	Nigh	Nigh	Níg í
	Suigh	Suigh	Suíg í
An Dara Réimniú	Ceannaigh	Ceannaigh	Ceanna igí
	Éirigh	Éirigh	Éir igí
	Ceangail	Ceangail	Ceangla igí
	Imir	Imir	Imr igí
Neamhrialta	Abair	Abair	Abra igí
	Beir	Beir	Beir igí
	Bí	Bí	Bíg í
	Clois/Cluin	Clois/cluin	Clois igí /clu in igí
	Déan	Déan	Déana igí
	Faigh	Faigh	Faigh igí
	Feic	Feic	Feic igí
	Ith	Ith	Ith igí
	Tabhair	Tabhair	Tuga igí
	Téigh	Téigh (nó gabh)	Téig í
	Tar	Tar	Taga igí


áouie






léigh sin a'ois




léimigí



rith



suigh síos





An Aimsir Chaite

Modh Ordaitheach	Foirm Cheisteach	Foirm Cheisteach Dhiúltach	Foirm Dhearfach	Foirm Dhiúltach	Claoninsint
Tóg	Ar thóg? mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Nár thóg?	Thóg Séimhiú (h)	Níor thóg	Sílim... gur thóg nár thóg
Ól	Ar ól?	Nár ól?	D'ól D' ar ghuta	Níor ól	Dúirt sí... gur ól nár ól
Fág	Ar fhág?	Nár fhág?	D'fhág D' + séimhiú ar F	Níor fhág	Is dócha... gur fhág nár fhág
Scríobh	Ar scríobh?	Nár scríobh?	Scríobh Gan athrú: n,l,r sc,sm,sp,st	Níor scríobh	Creidim... gur scríobh nár scríobh

Consan	Guta
ar + séimhiú ar ghlan	ar : gan athrú ar ól
níor + séimhiú níor ghlan	níor : gan athrú níor ól
nár + séimhiú nár ghlan	nár : gan athrú nár ól
gur + séimhiú gur ghlan	gur : gan athrú gur ól
murar + séimhiú murar ghlan	murar : gan athrú murar ól



An Aimsir Chaite - Neamhrialta



Modh Ordaitheach	Foirm Cheisteach	Foirm Cheisteach Dhiúltach	Foirm Dhearfach	Foirm Dhiúltach
Téigh	An ndeachaigh? mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Nach ndeachaigh?	Chuaigh	Ní dheachaigh
Tar	Ar tháinig?	Nár tháinig?	Tháinig	Níor tháinig
Faigh	An bhfuair?	Nach bhfuair?	Fuair	Ní bhfuair
Feic	An bhfaca?	Nach bhfaca?	Chonaic	Ní fhaca
Beir	Ar rug?	Nár rug?	Rug	Níor rug
Abair	Ar dhúirt?	Nár dhúirt?	Dúirt	Níor dhúirt
Cluin	Ar chuala?	Nár chuala?	Chuala	Níor chuala
Tabhair	Ar thug?	Nár thug?	Thug	Níor thug
Ith	Ar ith?	Nár ith?	D'ith	Níor ith
Déan	An ndearna?	Nach ndearna?	Rinne	Ní dhearna
Bí	An raibh?	Nach raibh?	Bhí	Ní raibh







An Aimsir Láithreach

Réimniú	Leathan	Caol
An Chéad Réimniú Siolla amháin de ghnáth	- a im (mé) - a nn (tú, sé, sí, muid, sibh, siad) Glan a nn / Glan a im An nglan a nn? Nach nglan a nn? Ní ghl a nn Déarfainn go nglan a nn	- i m (mé) - e ann (tú, sé, sí, muid, sibh, siad) Cail e ann / Caill i m An gcaill e ann? Nach gcaill e ann? Ní chail e ann Creideann siad go gcaill e ann
An Dara Réimniú Níos mó ná siolla amháin	- aí m (mé) - aí onn (tú, sé, sí, muid, sibh, siad) Socra aí onn / Socra aí m An socra aí onn? Nach socra aí onn? Ní shocra aí onn Is dóigh leis go socra aí onn	- í m (mé) - í onn (tú, sé, sí, muid, sibh, siad) Aistr í onn / Aistr í m An aistr í onn? Nach n-aistr í onn? Ní aistr í onn Measann sibh go n-aistr í onn

Consan	Guta
an + urú an nglanann?	an : gan athrú an ólann?
ní + séimhiú ní ghlann	ní : gan athrú ní ólann
nach + urú nach nglanann?	nach + urú nach n-ólann?
go + urú go nglanann	go + urú go n-ólann
mura + urú mura nglanann	mura + urú mura n-ólann



An Aimsir Láithreach - Neamhrialta


Modh Ordaitheach	Foirm Cheisteach	Foirm Cheisteach Dhiúltach	Foirm Dhearfach	Foirm Dhiúltach
Téigh	An dtéim ? (mé)	Nach dtéim ?	Té im	Ní théim
	An dtéann ? tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Nach dtéann ?	Té ann	Ní théann
Tar	An dtagaim ?	Nach dtagaim ?	Tag aim	Ní thagaim
	An dtagann ?	Nach dtagann ?	Tag ann	Ní thagann
Faigh	An bhfaighim ?	Nach bhfaighim ?	Faigh im	Ní fhfaighim
	An bhfaigheann ?	Nach bhfaigheann ?	Faigh eann	Ní fhfaigheann
Feic	An bhfeicim ?	Nach bhfeicim ?	Feic im	Ní hfeicim
	An bhfeiceann ?	Nach bhfeiceann ?	Feic eann	Ní hfeiceann
Beir	An mbeirim ?	Nach mbeirim ?	Beir im	Ní bheirim
	An mbeireann ?	Nach mbeireann ?	Beir eann	Ní bheireann
Abair	An ndeirim ?	Nach ndeirim ?	Deir im	Ní deirim
	An ndeir ?	Nach ndeir ?	Deir	Ní deir
Cluin	An gcluimim ?	Nach gcluimim ?	Cluin im	Ní chluimim
	An gcluineann ?	Nach gcluineann ?	Cluin eann	Ní chluineann
Tabhair	An dtugaim ?	Nach dtugaim ?	Tug aim	Ní thugaim
	An dtugann ?	Nach dtugann ?	Tug ann	Ní thugann
Ith	An ithim ?	Nach n-ithim ?	Ith im	Ní ithim
	An itheann ?	Nach n-itheann ?	Ith eann	Ní itheann
Déan	An ndéanaim ?	Nach ndéanaim ?	Déan aim	Ní dhéanaim
	An ndéanann ?	Nach ndéanann ?	Déan ann	Ní dhéanann
Bí	An mbím ?	Nach mbím ?	Bím	Ní bhím
	An mbíonn ?	Nach mbíonn ?	Bíonn	Ní bhíonn



An Aimsir Fháistineach

Réimniú	Leathan	Caol
An Chéad Réimniú Siolla amháin de ghnáth	-faidh (mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad) Glan faidh An nglan faidh ? Nach nglan faidh ? Ní ghl anfaidh Déarfainn go nglan faidh	-fidh (mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad) Cail fidh An gcaill fidh ? Nach gcaill fidh ? Ní chail fidh Creideann siad go gcaill fidh
An Dara Réimniú Níos mó ná siolla amháin	-óidh (mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad) Socr óidh An socr óidh ? Nach socr óidh ? Ní shocr óidh Is dóigh leis go socr óidh	-eoidh (mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad) Aistr eoidh An aistr eoidh ? Nach n-aistr eoidh ? Ní aistr eoidh Measann sibh go n-aistr eoidh


Consan	Guta
an + urú an nglanfaidh?	an : gan athrú an ólfaidh?
ní + séimhiú ní ghlanfaidh	ní : gan athrú ní ólfaidh
nach + urú nach nglanfaidh?	nach + urú nach n-ólfaidh?
go + urú go nglanfaidh	go + urú go n-ólfaidh
mura + urú mura nglanfaidh	mura + urú mura n-ólfaidh




An Aimsir Fháistineach - Neamhrialtas



Modh Ordaitheach	Foirm Cheisteach	Foirm Cheisteach Dhiúltach	Foirm Dhearfach	Foirm Dhiúltach
Téigh	An rachaidh? mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Nach rachaidh?	Rachaidh	Ní rachaidh
Tar	An dtiocfaidh?	Nach dtiocfaidh?	Tiocfaidh	Ní thiocfaidh
Faigh	An bhfaighidh?	Nach bhfaighidh?	Gheobhaidh	Ní bhfaighidh
Feic	An bhfeicfidh?	Nach bhfeicfidh?	Feicfidh	Ní fheicfidh
Beir	An mbéarfaidh?	Nach mbéarfaidh?	Béarfaidh	Ní bhéarfaidh
Abair	An ndéarfaidh?	Nach ndéarfaidh?	Déarfaidh	Ní déarfaidh
Cluin	An gcluinfidh?	Nach gcluinfidh?	Cluinfidh	Ní chluinfidh
Tabhair	An dtabharfaidh?	Nach dtabharfaidh?	Tabharfaidh	Ní thabharfaidh
Ith	An íosfaidh?	Nach n-íosfaidh?	Íosfaidh	Ní íosfaidh
Déan	An ndéanfaidh?	Nach ndéanfaidh?	Déanfaidh	Ní dhéanfaidh
Bí	An mbeidh?	Nach mbeidh?	Beidh	Ní bheidh





An Modh Coinníollach

Réimniú	Leathan	Caol
An Chéad Réimniú Siolla amháin de ghnáth	- f inn (mé) Thó gf inn - fá (tú) Thó gfá - fadh Thó gfadh ... (sé/sí/muid/sibh/siad)	- f inn (mé) Bh risf inn - féa (tú) Bh risféa - f eadh Bh risfeadh ... (sé/sí/muid/sibh/siad)
An Dara Réimniú Níos mó ná siolla amháin	- ó inn (mé) Sh ocró inn - ófá (tú) Sh ocrófá - ódh Sh ocródh ... (sé/sí/muid/sibh/siad)	- eo inn (mé) D' éireo inn - eofá (tú) D' éireofá - eo dh D' éireodh ... (sé/sí/muid/sibh/siad)

consan	guta
an + urú an n glanfadh?	an : gan athrú an ólfadh?
ní + séimhiú ní gh lanfadh	ní : gan athrú ní ólfadh
nach + urú nach n glanfadh?	nach + urú nach n -ólfadh?
go + urú go n glanfadh	go + urú go n -ólfadh
mura + urú mura n glanfadh	mura + urú mura n -ólfadh
Dá + urú Dá n glanfadh	Dá + urú Dá n -ólfadh

An Modh Coinníollach - Neamhriailta

Modh Ordaitheach	Foirm Cheisteach	Foirm Cheisteach Dhiúltach	Foirm Dhearfach	Foirm Dhiúltach
Téigh	An rach a inn? (mé) An rach fá ? (tú) An rach adh ? sé, sí, muid, sibh, siad	Nach rach a inn? Nach rach fá ? Nach rach adh ?	Rach a inn Rach fá Rach adh	Ní rach a inn Ní rach fá Ní rach adh
Tar	An dtioc f ainn? An dtioc fá ? An dtioc fadh ?	Nach dtioc f ainn? Nach dtioc fá ? Nach dtioc fadh ?	Thioc f ainn Thioc fá Thioc fadh	Ní thioc f ainn Ní thioc fá Ní thioc fadh
Faigh	An bhfaigh inn ? An bhfaigh feá ? An bhfaigh feadh ?	Nach bhfaigh inn ? Nach bhfaigh feá ? Nach bhfaigh feadh ?	Gheobh a inn Ghe o fá Gheobh adh	Ní bhfaigh inn Ní bhfaigh feá Ní bhfaigh feadh
Feic	An bhfeic inn ? An bhfeic feá ? An bhfeic feadh ?	Nach bhfeic inn ? Nach bhfeic feá ? Nach bhfeic feadh ?	D'fheic inn D'fheic feá D'fheic feadh	Ní fheic inn Ní fheic feá Ní fheic feadh
Beir	An mbéar f ainn? An mbéar fá ? An mbéar fadh ?	Nach mbéar f ainn? Nach mbéar fá ? Nach mbéar fadh ?	Bhéar f ainn Bhéar fá Bhéar fadh	Ní bhéar f ainn Ní bhéar fá Ní bhéar fadh
Abair	An ndéar f ainn? An ndéar fá ? An ndéar fadh ?	Nach ndéar f ainn? Nach ndéar fá ? Nach ndéar fadh ?	Déar f ainn Déar fá Déar fadh	Ní déar f ainn Ní déar fá Ní déar fadh
Cluin	An gcluin inn ? An gcluin feá ? An gcluin feadh ?	Nach gcluin inn ? Nach gcluin feá ? Nach gcluin feadh ?	Chluin inn Chluin feá Chluin feadh	Ní chluin inn Ní chluin feá Ní chluin feadh
Tabhair	An dtabhar f ainn? An dtabhar fá ? An dtabhar fadh ?	Nach dtabhar f ainn? Nach dtabhar fá ? Nach dtabhar fadh ?	Thabhar f ainn Thabhar fá Thabhar fadh	Ní thabhar f ainn Ní thabhar fá Ní thabhar fadh
Ith	An íos f ainn? An íos fá ? An íos fadh ?	Nach n-íos f ainn? Nach n-íos fá ? Nach n-íos fadh ?	D'íos f ainn D'íos fá D'íos fadh	Ní íos f ainn Ní íos fá Ní íos fadh
Déan	An ndéan f ainn? An ndéan fá ? An ndéan fadh ?	Nach ndéan f ainn? Nach ndéan fá ? Nach ndéan fadh ?	Dhéan f ainn Dhéan fá Dhéan fadh	Ní dhéan f ainn Ní dhéan fá Ní dhéan fadh
Bí	An mbe inn ? An mbe ifeá ? An mbe eadh ?	Nach mbe inn ? Nach mbe ifeá ? Nach mbe eadh ?	Bhe inn Bhe ifeá Bhe eadh	Ní bhe inn Ní bhe ifeá Ní bhe eadh

An tAinm Briathartha

Úsáidtear an t-ainm briathartha le cur síos ar an rud atá á dhéanamh agat nó ar rudaí atá le déanamh.

Riail	Briathar	Ainm Briathartha
(e)adh (céad réimniú)	glan	Tá sí ag glan adh
(i)ú (dara réimniú)	críochnaigh	Beidh sí ag críochn ú
cuirtear t le roinnt briathra	bagair	Níl siad ag bagair t
-(e)áil	fág	Tá sí ag fág áil
(a)int	tuig	Tá sí ag tuisc int
(e)amh	déan	Tá sí ag déan amh
(e)an	lig	Tá sí ag lig ean
(i)úint	creid	Tá sí ag creidi úint
Leathnaítear cuid de na briathra	ceangail freastail siúil cuir taistil	Tá sí ag ceang al Tá sí ag freast al Tá sí ag siú il Tá sí ag cur ur Tá sí ag taist eal
Neamhrialta	abair codail éist fan gluais iarr inis ith mair scread seinn tabhair tar téigh tit	Tá sí ag rá Tá sí ag cod ladh Tá sí ag éist eacht Tá sí ag fan acht Tá sí ag gluais eacht Tá sí ag iarr aidh Tá sí ag ins int Tá sí ag ith e Tá sí ag mair eachtáil Tá sí ag scread ail Tá sí ag seinn m Tá sí ag tabhair t Tá sí ag teach t Tá sí ag dul Tá sí ag tit im

An Aidiacht Bhriathartha

Riail	Briathar	Aidiacht Bhriathartha
cuirtear -ta, -te le briathra a chríochnaíonn ar; ch,d,l,n,s	las buail	Tá sé last a Tá sé buail te
cuirtear -te le focail chaola a chríochnaíonn ar th	caith	Tá sé caib te
cuirtear -te le focail aonsiollach a chríochnaíonn ar igh	léigh	Tá sé léib te
cuirtear -tha, -the le focail a chríochnaíonn ar g,b,c,g,m,p,r	íoc léim	Tá sé íoc tha Tá sé léim the
leathnaítear roinnt focal	cuir siúil	Tá sé cur tha Tá sé siúil ta
cuirtear -the le focail ilsiollacha a chríochnaíonn ar aigh/igh	ceannaigh bailigh	Tá sé ceannait he Tá sé bailit he
cuirtear -a nó -e le focail a chríochnaíonn ar t	cleacht scoilt	Tá sé cleacht a Tá sé scoilt e
cuirtear -fa le focail a chríochnaíonn ar mh/bh	scríobh gabh	Tá sé scríob fa Tá sé gab fa
neamhrialta	abair fógair imir inis tabhair tar téigh	Tá sé raib te Tá sé fógair tha Tá sé imear tha Tá sé inst e Tá sé tug tha Tá sé tag tha Tá sé dult a

Úsáidtear an t-ainm briathartha sa struchtúr seo thíos (bíonn séimhiú ann, más féidir):

Tá mé ag iarraidh carr **a cheannach**
D'iarr sí orm peann **a fháil**
Níor mhaith liom an obair **a dhéanamh**



Achoimre

An Chéad Réimniú

An Modh Ordaitheach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Láithreach
Glan Glan aigí	Ghlan mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Glan aím Glan ann tú, sé, sí, muid, sibh, siad
Cail Cail igí	Chail mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Cail im Cail eann tú, sé, sí, muid, sibh, siad
Scríobh Scríobh aigí	Scríobh mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Scríobh aím Scríobh ann tú, sé, sí, muid, sibh, siad
Sábháil Sábhál aigí	Shábháil mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Sábhál aím Sábhál ann tú, sé, sí, muid, sibh, siad

An Dara Réimniú

An Modh Ordaitheach	An Aimsir Chaite	An Aimsir Láithreach
Ceannaigh Ceann aigí	Cheannaigh mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Ceann aím Ceann aíonn tú, sé, sí, muid, sibh, siad
Éirigh Éir igí	D'éirigh mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	éir im éir ionn tú, sé, sí, muid, sibh, siad
Ceangail Ceangl aigí	Cheangail mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Ceangl aím Ceangl aíonn tú, sé, sí, muid, sibh, siad
Imir Imr igí	D'imir mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Imr im Imr ionn tú, sé, sí, muid, sibh, siad

Achoimre



An Aimsir Fháistineach	Modh Coinníollach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
Glanfaidh mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Ghlanfainn Ghlanfá Ghlanfadh sé, sí, muid, sibh, siad	ag glanadh	glanta
Cailfidh mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Chailfínn Chailféa Chailfeadh sé, sí, muid, sibh, siad	ag cailleadh	cailte
Scríobhfaidh mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Scríobhfainn Scríobhfá Scríobhfadh sé, sí, muid, sibh, siad	ag Scríobh	Scríofa
Sábhálfaidh mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Shábhálfainn Shábhálfá Shábhálfadh sé, sí, muid, sibh, siad	ag sábháil	sábháilte

An Aimsir Fháistineach	Modh Coinníollach	An tAinm Briathartha	An Aidiacht Bhriathartha
Ceannóidh mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Cheannóinn Cheannófá Cheannódh sé, sí, muid, sibh, siad	ag ceannach	Ceannaithe
Éireoidh mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	D'éireoinn D'éireofá D'éireodh sé, sí, muid, sibh, siad	ag éirí	Éirithe
Ceanglóidh mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	Cheanglóinn Cheanglófá Cheanglódh sé, sí, muid, sibh, siad	ag ceangal	Ceangailte
Imreoidh mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad	D'imreoinn D'imreofá D'imreodh sé, sí, muid, sibh, siad	ag imirt	Imeartha

Baintear úsáid as an tsaorbhriathar nuair nach bhfuil gníomhaí luaithe. Ní féidir forainm nó ainmfhocal a úsáid leis an tsaorbhriathar cionn is go bhfuil gníomhaí ann cheana féin.

		An Aimsir Chaite	An Aimsir Láithreach	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
An Chéad Réimniú	Leathan	Tógadh	Tógtar	Tógtfar	Thógtfaí
	Caol	Briseadh	Bristear	Brisfear	Bhrisfí
An Dara Réimniú	Leathan	Ceannaíodh	Ceannaítear	Ceannófar	Cheannófaí
	Caol	Bailíodh	Bailítear	Baileofar	Bhaileofaí

Foirseofar an leabhar sin ar an bhliain seo chugainn.

Goideadh mo rothar.

Déantar obair mhaith sa rang Gaeilge.

Ceannaíodh an cupán seo inné.

An Chopail

Baintear úsáid as an chopail **is/ba** sna cásanna seo thíos...




~~Tá sé gasúr crosta.~~ ×
Is gasúr crosta é.

An gasúr crosta é?
Is ea.
Ní **hea**.



~~Tá sí cailín maith.~~ ×
Is cailín maith í.

An cailín maith í?
Is ea.
Ní **hea**.



~~Bhí sé smaoineamh maith.~~ ×
Ba smaoineamh maith é.

Ar smaoineamh maith é?
Ba ea.
Níorbh ea.

An Aimsir Láithreach

		Ceisteach	
Dearfach	Diúltach	Dearfach	Diúltach
Is	Ní	An	Nach
Is crann é.	Ní crann é.	An crann é?	Nach crann é?

An Aimsir Chaite

		Ceisteach	
Dearfach	Diúltach	Dearfach	Diúltach
Ba / B'	Níor / Níorbh	Ar / Arbh	Nár / Nárbh
Ba ch rann é	Níor ch rann é.	Ar ch rann é?	Nár ch rann é?
B' ailtire é	Níorb h ailtire é	Ar h ailtire é?	Nár h ailtire é?

An Tuiseal Ghinideach

Is ionann an **Tuiseal Ghinideach** agus an dóigh a n-athraíonn ainmfhocail i gcásanna áirithe. Baintear úsáid as an Tuiseal Ghinideach sna cásanna seo a leanas:

01

Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, bíonn an dara hainmfhocal sa ghinideach

mála + scoil = mála **scoile**

fear + post = fear **poist**

leabhar + léitheoireacht = leabhar **léitheoireachta**

02

Nuair atá méid i gceist againn

go leor + airgead = go leor **airgid**

barraíocht + caint = barraíocht **cainte**

mo chuid + gruaig = mo chuid **gruaige**

03

Nuair a thagann ainm briathartha roimh ainmfhocal

ag déanamh/ag ithe/ag oscailt srl

ag tiomáint + carr = ag tiomáint **cairr**

ag fágáil + an teach = ag fágáil an **tí**

ag déanamh + obair = ag déanamh **oibre**

04

I ndiaidh réamhfocail chomhshuite

os comhair, i ndiaidh, i rith, in aice, ar fud, ar son, de bharr, i lár, le linn,

i measc, ar chúl, ar feadh, tar éis

i rith + an bhliain = i rith **na bliana**

ar fud + an ceantar = ar fud **an cheantair**

le linn + an lá = le linn **an lae**

de bharr + an aimsir = de bharr **na haimsire**



05

Nuair a úsáidtear na focail seo: trasna, chun, timpeall, dála

trasna + an pháirc = Trasna **na páirce**

timpeall + an tír = Timpeall **na tíre**

dála + an scéal = Dála **an scéil**

chun + an chathair = chun **na cathrach**



Féach thíos na hathruithe sa Tuiseal Ghinideach

Lagiolraí

Is ionann an t-ainmneach uatha agus an ginideach iolra

Bíonn lagiolra ag ainmfhocal...

- má **chríochnaíonn an t-ainmneach iolra** ar chonsan caol - igh / is / ir / in srl
- nó, **má chuirtear -a** leis an ainmneach chun an iolra a fháil

Tréaniolraí

Is ionann an t-ainmneach iolra agus an ginideach iolra

Sa **tuiseal ghinideach iolra**, **uráítear** ainmfhocail agus tagann **n-** roimh ghutaí.

An t-urú: **mb, gc, nd, dt, ng, bp, bhf**

Ainmfhocal Firinscneach

Ainmneach uatha	Ginideach uatha <i>Séimhiú + t roimh s</i>	Ainmneach iolra	Ginideach iolra
an fear	hata an fhir	na fir	hataí na bhfear
an t-asal	úinéir an asail	na hasail	súile na n-asal
an sagart	teach an tsagairt	na sagairt	éadaí na sagart
an múinteoir	tábla an mhúinteora	na múinteoirí	seomra na múinteoirí
an teach	bean an tí	na tithe	líon na dtithe
an doras	barr an dorais	na doirse	dath na ndoirse

LAG

TRÉAN

Ainmfhocal Baininscneach

Ainmneach uatha <i>Séimhiú + t roimh s</i>	Ginideach uatha	Ainmneach iolra	Ginideach iolra
an bhean	hata na mná	na mná	hataí na mban
an otharlann	dáth na hotharlainne	na hotharlanna	líon na n-otharlann
an chúis	ar son na cúise	na cúiseanna	ar son na gcúiseanna
an tsráid	bun na sráide	na sráideanna	bun na sráideanna
an tine	teas na tine	na tinté	teas na dtinté
an deirfiúr	ainm na deirféar	na deirfiúra	ainm na ndeirfiúra

LAG

TRÉAN

Na Díochlaontaí

An chéad díochlaonadh

Firinsneach ar fad

Ginideach uatha

- **Caolaítear** an consan deiridh: **bád** → **báid**
- Athraítear **ea** go **i**: **fear** → **fir**
- **ach** go **aigh**: **bacach** → **ba**a**aigh**
- **adh** go **aidh**: **samhradh** → **samhr**a**idh**

LAG

Uatha		Iolra	
Ainmneach	Ginideach	Ainmneach	Ginideach
an fear	hata an fhir	na fir	hataí na bhfear
an bád	barr an bháid	na báid	barr na mbad
an carr	barr an chairr	na carranna	barr na gcarranna

Tá cuid mhór dathanna ar chlúdach **an leabhair**.

Ní bheidh sé ag an cheolchoirm de chuid

Fhéile **an Phobail**.

Tá an amhránaíocht ríthábhachtach

i gcultúr **na nGael**.



Na Díochlaontaí

An dara díochlaonadh

Baininscneach ar fad - seachas im/sliabh/teach

Ginideach uatha

- Cuirtear **-e** ag deireadh mórchuid na bhfocal: páirc → páirce
- **Caolaítear** an consán deiridh más gá agus cuirtear **-e** leis: fuinneog → fuinneoige
- Focail aonsiollacha: athraítear **ea** go **ei**: speal → speile
- Focail ilsiollacha: athraítear **ea** go **i**: maighdean → maighdine (cearc → circe)
- Focail ilsiollacha: athraítear **ach** go **aí**: gealach → gealaí
- Focail ilsiollacha: athraítear **each** go **í**: girseach → girsí


Uatha		Iolra	
Ainmneach	Ginideach	Ainmneach	Ginideach
an tsráid	dath na sráide	na sráideanna	dath na sráideanna
an oifig	doras na hoifige	na hoifigí	ceantar na n-oifigí
an bhróg	dath na bróige	na bróga	dath na mbróg

LAG

Beidh daltaí na scoile ag imirt ag deireadh na seachtaine.

Bíonn áthas ar Niamh agus í ag aimsiú na meancóg.

Rith Fionn ar nós na gaoithe.



Na Díochlaontaí

An tríú díochlaonadh

Firinsneach agus Baininsneach

Ginideach uatha

Cuirtear **-a** ina ndeireadh

Firinsneach:

- Cuirtear **-a** le focail leathana:
- Leathnaítear **ir** deiridh go **r** agus cuirtear **-a** leis: **múinteoir** → **múinteora**

Baininsneach:

- Leathnaítear na consain deiridh uilig agus cuirtear **-a** leo: **bliain** → **bliana**
- Athraítear **-t** deiridh go **-th** sna focail a chríochnaíonn ar **-irt**, leathnaítear iad agus cuirtear **-a** leo: **labhairt** → **labhartha**
- Cailltear **-t** sna focail a chríochnaíonn ar **-áint/-úint**, leathnaítear iad agus cuirtear **-a** leo. **tiomáint** → **tiomána**

Uatha		Iolra	
Ainmneach	Ginideach	Ainmneach	Ginideach
an múinteoir	tábla an mhúinteora	na múinteoirí	seomra na múinteoirí
an t -aisteoir	ról an aisteora	na haisteoirí	ceantar na n -aisteoirí
an fíon	blas an fhíona	na fíonta	blas na bhfíonta

Beidh muid ag dul chun **na Gaeltachta** sa tsamhradh.

Níor chuir Caoimhín an obair ar thábla **an mhúinteora**.

Bhí carranna **na ndochtúirí** sa charrechlós.



Na Díochlaontaí

An ceathrú díochlaonadh

Firinsneach den chuid is mó

Ginideach uatha

- Críochnaíonn formhór na n-ainmfhocal ar **ghuta** nó **ín**
- Ní thagann aon athrú ar dheireadh na n-ainmfhocal sa ghinideach uatha

Uatha		Iolra	
Ainmneach	Ginideach	Ainmneach	Ginideach
an cailín	cóta an chailín	na cailíní	tithe na gcailíní
an balla	airde an bhalla	na ballaí	dath na mballaí
an dalta	ainm an dalta	na daltaí	cótaí na ndaltaí

An cúigiú díochlaonadh

Baininsneach den chuid is mó

Ginideach uatha

- **Leathnaítear** focail **aonsiollacha** agus cuirtear **ach** leo: beoir → **beorach**
- **Cailtear** roinnt **gutaí** i bhfocail ilsiollacha agus cuirtear **(e)ach** leo: cathair → **cathrach**
- **Leathnaítear** cuid de na focail a chríochnaíonn ar: **ir** go **r:** áthair → **áthar**
inn go **nn:** abhainn → **abhann**
- Cuirtear **n** le focail **bhaininsneacha** a chríochnaíonn ar **ghuta:** lacha → **lachan**
- Cuirtear **d** le focail **fhirinsneacha** a chríochnaíonn ar **ghuta:** cara → **carad**

Uatha		Iolra	
Ainmneach	Ginideach	Ainmneach	Ginideach
an abhainn	bun na habhann	na haibhneacha	ag siúl na n-aibhneacha
an chathair	halla na cathrach	na cathracha	líon na gcathracha
an mháthair	fearg na máthar	na máithreacha	hataí na máithreacha




An Aidiacht sa Tuiseal Ghinideach - Uatha

An Aidiacht sa tuiseal ghinideach uatha Firinscneach

Ainmneach uatha	Ginideach uatha
An leathanach bán	ag barr an leathana igh bháin
An bóthar uaigneach	ag siúl an bhóthair uaignigh
An rang tábhachtach	nótaí an ranga thábhachtaigh
An t-amhrán maith	focail an amhráin mhaith
An cúrsa suimiúil	nótaí an chúrsa shuimiúil
An cailín rua	máthair an chailín rua
An t-ábhar deacair	léachtaí an ábhair dheacair

An Aidiacht sa tuiseal ghinideach uatha Baininscneach

Ainmneach uatha	Ginideach uatha
An bhileog bhán	ag barr na bileoige báine
An tsráid uaigneach	ag siúl na sráide uaigní
An léacht thábhachtach	Nótaí na léachta tábhachtaí
An amhránaíocht mhaith	ag moladh na hamhránaíochta maithe
An chaint shuimiúil	Deireadh na cainte suimiúla
An bhean rua	Máthair na mná rua
An aiste dheacair	ag scríobh na haiste dheacra



An Aidiacht sa Tuiseal Ghinideach - Iolra

Más tréaniolra atá ag an ainmfhocal, bíonn an fhoirm chéanna ag an aidiacht i ngach tuiseal.

An Aidiacht sa tuiseal ghinideach uimhir iolra Tréaniolra	
Ainmneach Iolra	Ginideach Iolra
Na ceisteanna deacra	ag cur na gceisteanna deacra
Na daoine móra	ainmneacha na ndaoine móra
Na múinteoirí maithe	ranganna na múinteoirí maithe
Na feirmeoirí ramhra	páirceanna na bhfeirmeoirí ramhra
Na boscaí folmha	ag tógáil na mboscaí folmha
Na hargóintí conspóideacha	ag baint na n-argóintí conspóideacha
Na daltaí ciotacha	ag bainistiú na ndaltaí ciotacha

Más **lagiolra** atá ag an ainmfhocal, bíonn **foirm** an **ainmnigh uatha** ar an aidiacht sa tuiseal **ghinideach iolra**.

An Aidiacht sa tuiseal ghinideach uimhir iolra Lagiolra	
Ainmneach Iolra	Ginideach Iolra
Na hamhráin mhóra	ag canadh na n-amhrán mór
Na bileoga buí	ag cuntas na mbileog buí
Na bonnóga deasa	ag déanamh na mbonnóg deas
Na fuinneoga gorma	ag oscailt na bhfuinneog gorm
Na capaill ghasta	ag ceannach na gcapall gasta
Na lámha boga	ag cuimilt na lámh bog
Na fathaigh fheangacha	neart na bhfathach feangach

Ní **shéimhítear an aidiacht** sa tuiseal ghinideach iolra in am ar bith, fiú más ainmfhocal baininsneach atá á cáiliú.

Uimhreacha

Maoluimhreacha	Orduimhreacha	Bunuumhreacha	Uimhreacha Pearsanta
náid	... ar bith	carr ar bith	duine ar bith
a haon	an h éad/ an t -aonú	aon h arr amháin	duine
a dó	an d ara	dhá h arr	beint + séimhiú
a trí	an tríú	trí h arr	triúr
a ceathair	an ceathrú	ceithre h arr	ceathrar
a cúig	an cúigiú	cúig h arr	cúigear
a sé	an séú	sé h arr	seisear
a seacht	an seachtú	seacht g carr	seachtar
a hocht	an t-ochtú	ocht g carr	octar
a naoi	an naoú	naoi g carr	naonúr
a deich	an deichiú	deich g carr	deichniúr
a haon déag	an t-aonú ... déag	aon carr déag	aon duine dh éag
a dó dhéag	an dóú ... déag	dhá h arr déag	dháréag
a trí déag	an tríú ... déag	trí h arr déag	trí dh uine dh éag
a ceathair déag	an ceathrú ... déag	ceithre h arr déag	ceithre dh uine dh éag
a cúig déag	an cúigiú ... déag	cúig h arr déag	cúig dh uine dh éag
a sé déag	an séú ... déag	sé h arr déag	sé dh uine dh éag
a seacht déag	an seachtú ... déag	seacht g carr déag	seacht nd uine dh éag
a hocht déag	an t-ochtú ... déag	ocht g carr déag	ocht nd uine dh éag
a naoi déag	an naoú ... déag	naoi g carr déag	naoi nd uine dh éag
a fiche	an fichiú	fiche carr	fiche duine

Rialacha chun cuidiú leat...

Riail	Consain	Gutaí
1: séimhiú ar chonsain seachas d,s,t	aon charr amháin aon doras amháin	aon óstán amháin
2-6: séimhiú ar chonsain dó go dhá ceathair go ceithre	dhá charr cúig dheoch	trí óstán sé úrscéal
7-10: urú ar chonsain agus ar ghutaí	seacht gcoláiste ocht ndoras deich bhfuinneog	naoi n -óiche ocht n -iarratas deich n -uirlis
Ní athraítear ainmfhocal nuair a leanann sé uimhir atá ina iolra de dheich	fiche cupán céad bosca 100,000 teach	tríocha úll 1000 ulchabhán

Neamhriailta...

bliain	2 bh liain	3-6 bliana	7-10 mb liana
uair	2 uair	3-6 h uaire	7-10 n -uaire
seachtain	2 she achtain	3-6 seachtaine	7-10 seachtaine
ceann	2 che ann	3-6 cinn	7-10 gcinn
orlach	2 orlach	3-6 orlaí	7-10 n -orlaí
troigh	2 thro igh	3-6 troithe	7-10 dtroithe


Séimhítear déag nuair a thagann **ainmfhocal san uimhir uatha** a chríochnaíonn ar **ghuta** roimhe:
trí mhála dhéag; ach
trí bliana déag.

Ní shéimhítear déag nuair atá **orduumhir** i gceist, fiú má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar ghuta:
an tríú mála déag.

Leanann an **ginideach iolra** uimhreacha pearsanta:
Bean → ceathrar **ban**




An Tuaisceart Thuaidh



Cónaíonn muintir na hÉireann in Éirinn ach is í Éire ainm na tíre.


Suas agus Síos



thuas



ag dul suas



ag teacht anuas



ag dul síos



thíos



ag teacht aníos



Isteach agus Amach

ag dul isteach




Istigh



ag dul amach



Amuigh



Téarmaíocht na Gramadaí

Guta	aoe ie
Consan	Gach litir eile taobh amuigh de na gutaí: BCDFGHLMNPRST / JQVWXYZ
Guta Leathan	aoe
Guta Caol	ie
Consan Leathan	Sa / bo / tá / án / amh / adh / al
Consan Caol	Se / le / bi / is / il / in / imh / idh
Siolla	fuaim a dhéanann focal nó cuid d'fhocal: Siolla amháin – fear Dhá shiolla – fearúil
An Uimhir Uatha	ag tagairt do rud amháin – fear / bean / crann
An Uimhir Iolra	ag tagairt do níos mó ná rud amháin – fir / mná / crainn
An t-alt	an focal ' an ' san uimhir uatha de ghnáth agus ' na ' san uimhir iolra. Mar shampla: an fear – na fir
Réimniú (Briathra)	Grúpa: An Chéad Réimniú = Grúpa 1 An Dara Réimniú = Grúpa 2
Díochlaonadh (Ainmfhocail/Aidiachtaí)	An Chéad Díochlaonadh = Grúpa 1 An Dara Díochlaonadh = Grúpa 2 srl
Ainmfhocal	duine, áit, rud. Mar shampla – coinín, bean, Béal Feirste, Úna, scoil, samhradh.
Briathar	Cuireann an briathar in iúl cad é ag tarlú. Mar shampla: Tóg, Bris, Scríobh, Athraigh, Imir.
An tAinm Briathartha	Mar shampla - ag déanamh, ag athrú, ag caint, ag tógáil, ag brú, ag ceannach.
Aidiacht Bhriathartha	Cuireann an aidiacht bhriathartha in iúl go bhfuil gníomh éigin déanta. Mar shampla: oscailte, faighte, briste, athraithe, ráite.
Aidiacht	Cuireann aidiacht síos ar ainmfhocail. Mar shampla: beag, deas, mór, míofar, amaideach.
Réamhfhocal simplí	Focal beag a thagann roimh ainmfhocal. Mar shampla: do, faoi, ó, ag, as, chuig, le, ar.
Forainm	Focal a úsáidtear in áit ainmfhocail. Mar shampla: mé, tú, sé, sí, muid, sibh, siad.
Forainm réamhfhoclach	Nuair a chuirtear réamhfhocal simplí agus forainm le chéile. Mar shampla: ar + mé = orm , ag + sé = aige , le + tú = leat , as + iad = astu .
Réamhfhocal comhshuite	Nuair a chuirtear réamhfhocal agus ainmfhocal le chéile. Mar shampla: de dheasca, ar bharr, i gcoinne, os comhair.



Is fiú ór í an fhoghlaim.